

Clásail chaighdeánacha le haghaidh bunreachtanna Cuideachta

Ioncam agus Maoin

Ní úsáidfeadh ioncam agus maoin na Cuideachta ach amháin chun an cuspóir/na cuspóirí atá leagtha amach sa Bhunreacht seo a chur chun cinn. Ní dhéanfar aon sciar d'ioncam agus de mhaoin na Cuideachta a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí dhíbhin, bónas nó ar bhealach eile cibé caoi trí bhrabús do chomhaltaí na Cuideachta.

Ní cheapfar aon Stiúrthóir chun aon oifige de chuid na Cuideachta a íocfar le tuarastal nó táillí, ná ní bhfaighidh sé aon luach saothair ná sochar eile in airgead ná i luach airgid ón gCuideachta. Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCuideachta, áfach, na nithe a leanas a íoc le hintinn mhaith:

- (a) luach saothair réasúnta agus cuí le haon chomhalta nó seirbhíseach den Chuideachta (nach Stiúrthóir é/í) as aon seirbhísí a soláthraíodh don Chuideachta;
- (b) ús ar ráta nach sáraíonn 1% os cionn Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) sa bhliain ar airgead a thug Stiúrthóirí nó comhaltaí eile den Chuideachta ar iasacht leis an gCuideachta;
- (c) cíós réasúnta agus cuí ar an áitreabh a lig aon chomhalta den Chuideachta ar fhorléas agus ar léas (aon Stiúrthóir san áireamh) leis an gCuideachta;
- (d) costais réasúnta agus chuí as póca a thabhaíonn aon Stiúrthóir maidir lena bhfreastal ar aon cheist a imríonn tionchar ar an gCuideachta;
- (e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh Stiúrthóir bheith ina c(h)omhalta di nach sealbhaíonn breis agus an céadú cuid de chaipiteal eisithe na cuideachta sin;
- (f) Ní choiscfidh aon ní ar an gCuideachta aon íocaíocht a dhéanamh le duine de bhun comhaontú inar iontráladh i gcomhlíonadh alt 89 d'Acht na gCarthanas, 2009 (i gcaitheamh an trátha a bhíonn sé leasaithe, sínte nó ionadaithe).

Breiseanna, athruithe nó leasuithe

Ní mór don Chuideachta cinntiú go bhfuil cóip dá Bunreacht is déanaí ag an Rialálaí Carthanas. Má bheartaítear leasú a dhéanamh ar Bhunreacht na Cuideachta, rud a theastaíonn faomhadh roimh ré a fháil ón Rialálaí Carthanas, ní mór fógra roimh ré a thabhairt, i scríbhinn, faoi na hathruithe beartaithe don Rialálaí Carthanas chun iad a fhaomhadh agus ní chuirfeadh an leasú i bhfeidhm go dtí go bhfaightear an faomhadh sin.

Foirceannadh

Más ann d'aon mhaoin, dá laghad, i ndiaidh gach dliteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc chomhaltaí na Cuideachta, ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh na Cuideachta. Ina ionad sin, déanfar an mhaoin sin a thabhairt nó a aistriú chuig institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí na Cuideachta. Cuirfidh an institiúid nó na hinstitiúidí, a bhfuil an mhaoin le tabhairt dóibh nó a aistriú chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoinne i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, chomh mór agus a fhorchuirtear ar an gCuideachta faoin gclásal ioncaim agus Maoinne nó dá bhua de seo. Roghnóidh comhaltaí na Cuideachta an institiúid nó na hinstitiúidí ábhartha ag nó roimh thráth an díscaoilte, agus mura féidir agus dá mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha siúd, tabharfar nó aistrefar an mhaoin chuig cuspóir carthanúil áirithe i ndiaidh comhaontú an Rialóra Carthanas a fháil. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

Tabhair do d'aire, más mian le cuideachta iarratas a dhéanamh chuig an Oifig um Chlárú Cuideachtaí chun “cuideachta faoi theorainn ráthaíochta” nó a chomhionann Éireannach in ainm na cuideachta carthanúla a ligean thar ceal - éilfionn an Oifig um Chlárú Cuideachta foráil mhalartach foirceanta de bhun alt 1180 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 - féach an téacs malartach thíos don chlásal foirceanta sa chás seo.

Más ann d’aon mhaoín, dá laghad, i ndiaidh gach dliteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc chomhaltaí na Cuideachta, ar fhoirceannadh nó ar dhíscaoileadh na Cuideachta. Ina ionad sin, déanfar an mhaoín sin a thabhairt nó a aistriú chuig cuideachta nó cuideachtaí áirithe eile (institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile) a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí na Cuideachta. Déanfaidh an chuideachta nó na cuideachtaí (institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile) a bhfuil an mhaoín le tabhairt dóibh nó a aistriú chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoiné i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, chomh mór agus a fhorchuirtear ar an gCuideachta faoin gclásal Ioncaim agus Maoiné nó dá bhua de seo. Roghnóidh comhaltaí na Cuideachta an chuideachta nó na cuideachtaí (institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile) tráth an díscaoilte nó roimhe sin. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

Cuntais a Choimeád

Coimeádfar Cuntais Bhliantúla agus cuirfear ar fáil iad do na Coimisinéirí Ioncaim nuair a iarrtar iad. Sa chás gur mó an ioncam comhlán bliantúil ná €250,000, déanfar iniúchadh ar na cuntais

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.